Aonad 3

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Cáin Ioncaim d'Fhostaithe

## Tráth na gceist – Dul Siar



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Aonad 3
# Cáin Ioncaim d'Fhostaithe

1. **Cén t-ainm atá íocaíocht rialta sheasta a fhaigheann daoine le haghaidh a gcuid oibre?**
   a. Pá
   b. Tuarastal
   c. Bónas
   d. Díbhinn

2. **Cé acu seo thíos atá ina sampla de cháin dhíreach?**
   a. Cáin Ioncaim
   b. Cáin Bhreisluacha
   c. Dleacht Chustam
   d. Dleacht Stampála

3. **Cén cineál ioncaim lena mbaineann Sceideal E chun críocha cánach?**
   a. Ioncam gnó
   b. Ioncam ó dhíbhinní
   c. Ioncam ó fhostaíocht
   d. Ioncam dífhostaíochta

4. **Cé acu seo atá ina shampla d'ioncam neamh-incháinithe?**
   a. Íocaíochtaí pinsin
   b. Brabús gnó
   c. Ioncam ó dhíbhinní
   d. Airgead buaite sa chrannchur

5. **Céard is brí leis na litreacha UPSP?**
   a. Uimhir Poiblí Seirbhíse Phearsanta
   b. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblíochta
   c. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí
   d. Uimhir Pearsanra Seirbhíse Poiblí

6. **Céard is brí leis na litreacha FPCI?**
   a. Fógra Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim
   b. Fógra Íocaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim
   c. Fógra Socrúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim
   d. Fógra Pá na gCoimisinéirí Ioncaim

7. **Cé acu díobh seo thíos ar asbhaint neamhreachtúil atá ann?**
   a. MSU
   b. ÁSPC
   c. Síntiús Ceardchumainn
   d. Cáin Ioncaim

## Aonad 3
# Cáin Ioncaim d'Fhostaithe

**8. Céard é an ráta caighdeánach cánach ioncaim d'fhostaí in Éirinn?**
- a. 20%
- b. 25%
- c. 15%
- d. 30%

**9. Céard is brí leis na litreacha SRC?**
- a. Scoithphointe Rátála Chaighdeánaigh
- b. Scoithphointe Ráiteas Ráta
- c. Scoithphointe Ráiteas Rátála
- d. Scoithphointe Ráta Chaighdeánaigh

**10. Creidmheasanna cánach**
- a. Méadaíonn siad an méid cánach a íocann duine
- b. Laghdaíonn siad an méid cánach a íocann duine
- c. Níl aon tionchar acu ar an méid cánach a íocann duine
- d. Déanann siad dúbailt ar an méid cánach a íocann duine

**11. Cén t-ainm atá ar an íocaíocht a fhaigheann fostaithe bunaithe ar luach na dtáirgí a dhíoltar?**
- a. Bónas
- b. Pá
- c. Coimisiún
- d. Díbhinn

**12. Cén t-ainm atá ar an íocaíocht a dhéantar le fostaithe bunaithe ar líon na n-uaireanta nó na laethanta a oibríonn siad?**
- a. Pá
- b. Tuarastal
- c. Séisíní
- d. Bónas

**13. Cén t-ainm atá ar an íocaíocht a fhaigheann duine dífhostaithe?**
- a. Sochar Máithreachais
- b. Sochar Linbh
- c. Pinsean
- d. Sochar Cuardaitheora Poist

# Aonad 3
# Cáin Ioncaim d'Fhostaithe

**14. Cé acu de na cánacha seo thíos atá ina cáin indíreach?**

a. Cáin Gnóthachan Caipitiúil
b. Dleacht Mháil
c. Cáin Fáltas Caipitiúil
d. Cáin Choinneála ar Ús Taisce

**15. Cé acu seo thíos atá ina shampla d'ioncam incháinithe?**

a. Liúntas Cuardaitheora Poist
b. Pinsean
c. Ioncam scoláireachta
d. Airgead buaite ó Dhuaisbhannaí